Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Márta 2023**
**(OR. en)**

**7264/23**

**COASI 59**
**ASIE 26**
**CFSP/PESC 417**
**COHAFA 31**
**DEVGEN 60**
**SUSTDEV 44**
**COPS 125**
**POLMIL 50**
**MIGR 90**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 20 Márta 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7191/23, 7234/23 |
| Ábhar: | An Afganastáin<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 20 Márta 2023) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Afganastáin, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 3941ú cruinniú dá cuid, a bhí ar siúl an 20 Márta 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Afganastáin**

1. Athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas don tsíocháin agus don chobhsaíocht san Afganastáin agus do thacaíocht a thabhairt dá pobal. Tá sé chun leasa an chomhphobail idirnáisiúnta ina iomláine go mbeadh an Afganastáin cobhsaí, chun éagobhsaíocht réigiúnach, bagairtí sceimhlitheoireachta, easáitiú éigeantach agus imirce neamhrialta a chosc.

2. Athdhearbhaíonn an tAontas tábhacht agus bailíocht na dtagarmharcanna a leagtar amach sna conclúidí ón gComhairle dar dáta an 15 Meán Fómhair 2021, do bheartais agus do ghníomhaíochtaí faoin gcomh-aireacht shealadach a bhí ceaptha ag an Talaban. Iarrann an tAontas arís ar an Talaban, ar mhaithe le muintir na hAfganastáine, cearta uile an duine a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh, aghaidh a thabhairt ar sháruithe agus mí-úsáidí chearta an duine, rialtas cuimsitheach ionadaíoch a bhunú, cosc a chur ar an Afganastáin feidhmiú mar thír chun sceimhlitheoireacht a óstáil, a mhaoiniú nó a onnmhairiú, rochtain dhaonnúil gan bhac agus neamh-idirdhealaitheach a chur ar fáil agus leanúint de thaisteal slán sábháilte ordúil chuig an Afganastáin agus ón Afganastáin a cheadú.

3. Is saoth leis an Aontas na gníomhaíochtaí agus na cinntí atá déanta ag an Talaban in ainneoin na ngealltanas a thug sé nuair a threascair sé an rialtas bunreachtúil, gníomhaíochtaí agus cinntí as ar eascair meath tubaisteach ó mhí Lúnasa 2021 i leith ó thaobh chearta an duine, na polaitíochta, an gheilleagair agus staid dhaonnúil mhuintir na hAfganastáine, go háirithe i gcás na mban agus cailíní. Áirítear leis sin sáruithe leanúnacha córasacha ar chearta sibhialta, polaitiúla, sóisialta, eacnamaíocha agus cultúir mhuintir na hAfganastáine, mar a aithnítear i gconarthaí idirnáisiúnta a bhfuil an Afganastáin ina Páirtí Stáit iontu. Is ar an Talaban amháin atá an fhreagracht as iarmhairtí a chuid gníomhaíochtaí, orduithe agus cinntí agus as an easpa dlisteanachta intíre agus idirnáisiúnta atá aige.

4. Is cúis mhór imní don Aontas na tuairiscí faoi shárú córasach chearta an duine, go háirithe i dtaca le mná, cailíní agus buachaillí, daoine ar de mhionlaigh agus grúpaí eitneacha agus reiligiúnacha iad, daoine LGBTI, cosantóirí chearta an duine, iriseoirí agus oibrithe eile sna meáin, iarfhórsaí slándála agus polaiteoirí, in ainneoin an ilphardúin, mar dhea, a d'fhógair an Talaban agus cáineann an tAontas na sáruithe sin go géar. Ní mór cuntasacht a áirithiú as sáruithe agus mí-úsáidí chearta an duine agus as sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta. I ndáil leis an méid sin, meabhraítear don Aontas gur páirtí í an Afganastáin i Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta. Tá an tAontas agus a Bhallstáit réidh le féachaint ar shásraí cuntasachta a ghníomhachtú mar a fhoráiltear dóibh sna conarthaí um chearta an duine a bhfuil an Afganastáin ina páirtí stáit iontu.

5. Is cúis mhór imní é an t-idirdhealú mórscála córasach inscnebhunaithe atá á dhaingniú ag an Talaban, agus níl a leithéid ag tarlú áit ar bith eile ar domhan. Cáineann an tAontas go láidir na cinntí a rinne an Talaban as ar eascair an meath foriomlán ar staid na mban agus na gcailíní trína n-eisiamh ón saol poiblí, agus trína gcearta daonna a dhiúltú, lena n-áirítear a gcearta chun oideachais, chun oibre agus chun saoirse gluaiseachta. Trína gcinneadh idirdhealaitheach chun cosc a chur ar mhná a bheith ag obair d'eagraíochtaí neamhrialtasacha náisiúnta agus idirnáisiúnta, tá an Talaban ag cur bac ar chúnamh daonnúil agus tacaíocht bhunriachtanach a sheachadadh do mhuintir na hAfganastáine agus ó mhí Lúnasa 2021, tá sé freagrach as an drochstaid dhaonnúil agus eacnamaíoch sa tír a ghéarú a thuilleadh.

6. Ós amhlaidh atá, ag meabhrú dó na Conclúidí ón gComhairle maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil an 17 Nollaig 2018 agus an 14 Samhain 2022, athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas don chomhionannas inscne agus do ghníomhaíocht atá freagrúil ó thaobh inscne de, lena n-áirítear trí chuntasacht a áirithiú i leith gach cineál idirdhealaithe agus foréigin in aghaidh na mban agus leanaí agus trí rannchuidiú leis an gcomhrac sin.

7. Athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas diongbháilte tacú le rannpháirtíocht iomlán na nAfganastánach uile, lena n-áirítear mná agus cailíní agus daoine ar de mhionlaigh eitneacha agus reiligiúnacha iad i ngach réimse den saol san Afganastáin. Iarrann an tAontas ar an Talaban a gcinntí diansmachta a fhreaschur gan aon mhoill, lena n-áirítear na cinntí lena gcuirtear srian le hoideachas na mban agus na gcailíní agus lena rannpháirtíocht iomlán chomhionann fhóinteach sa saol poiblí. Beidh tionchar tubaisteach breise ag srianta ar rochtain na mban agus na gcailíní ar an oideachas ar gheilleagar agus ar fhorbairt na hAfganastáine.

8. Tá an tAontas réidh chun bearta sriantacha spriocdhírithe breise a ghlacadh i gcoinne na ndaoine sin atá freagrach as sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha chearta an duine. Tá na bearta sriantacha sin ceaptha chun nach mbeidh tionchar diúltach acu ar mhuintir na hAfganastáine agus is bearta iad is féidir a aisiompú.

9. I gcomhréir le Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, Rún 2250 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir leis an Óige, an tSíocháin agus an tSlándáil, agus rúin ábhartha ó NA a glacadh ina dhiaidh sin, meabhraítear don Aontas ról ríthábhachtach na mban agus na ndaoine óga maidir le coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach, caibidlíocht síochána, cothú na síochána, an tsíochánaíocht, an fhreagairt dhaonnúil agus in atógáil iarchoinbhleachta, agus cuireann sé i bhfios go láidir a thábhachtaí atá a rannpháirtíocht chomhionann agus a rannpháirtíocht iomlán sna hiarrachtaí uile chun an tsíocháin agus an tslándáil a chothabháil agus a chur chun cinn.

10. Leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit de ghuth na mban Afganastánach a mhéadú, tríd an tionscnamh ‘Hear Us’ agus trí Fhóram Cheannairí Ban na hAfganastáine (a fhaigheann tacaíocht ón Aontas), lena dtabharfar deis don chomhphobal idirnáisiúnta éisteacht lena ndearcthaí agus na dearcthaí sin a chur san áireamh i gceapadh beartais idirnáisiúnta maidir leis an Afganastáin.

11. Cáineann an tAontas go láidir an toirmeasc ar mhná a bheith ag obair le heagraíochtaí neamhrialtasacha náisiúnta agus idirnáisiúnta agus iarrann sé ar an Talaban athchinneadh a dhéanamh láithreach. Mar cheann de na príomhsholáthraithe cúnaimh do mhuintir na hAfganastáine agus tá an tAontas fós tiomanta leanúint dá chúnamh chun an ghéarchéim thromchúiseach dhaonnúil shocheacnamaíoch a mhaolú. Tá an tAontas faoi réir chun riachtanais dhaonnúla bhunúsacha agus tacaíocht do shlite maireachtála a chur ar fáil laistigh de chur chuige prionsabail atá i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta, ag cloí le prionsabail dhaonnúla agus, go háirithe, ag an bpointe seo, bunaithe ar ‘treoirphrionsabail agus ionchais na ndeontóirí’ i dtaca le cúnamh daonnúil.

12. Is é atá i gceist le cur chuige prionsabálta an Aontais, go háirithe, gur féidir leanúint de chabhair a thabhairt i gcásanna inar féidir le mná a bheith rannpháirteach go fóinteach ina seachadadh agus inar tairbhithe fós iad, trí chur chuige neamhdhíobhálach neamh-idirdhealaitheach, trí mheoin ‘mná ar son na mban’, agus lena gcosnaítear sábháilteacht na dtairbhithe freisin. Níor cheart baill foirne ar mná iad a bhfuil tionchar ag an toirmeasc orthu a ionadú. I gcásanna nach féidir leanúint le gníomhaíochtaí i gcomhréir le cur chuige prionsabálta an Aontais, déanfar tacaíocht an Aontais do na gníomhaíochtaí sin a athmheas. I ndáil leis sin, cuirfear sásra láidir faireacháin i bhfeidhm. Iarrann an tAontas ar an Talaban an dlí daonnúil idirnáisiúnta, neodracht, neamhspleáchas agus neamhchlaontacht oibríochtaí daonnúla agus oibríochtaí riachtanas bunúsach a urramú agus a ráthú gur féidir le gach oibrí cabhrach, lena n-áirítear gach ball foirne mná, leanúint dá rannpháirtíocht i seachadadh na cabhrach agus rochtain shaor gan bhac a bheith acu ar an gcríoch ar fad.

13. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht bhuanseasmhach a thabhairt do mheáin neamhspleácha na hAfganastáine, d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear iad siúd atá ag obair ar chearta an duine agus ar chearta na mban, agus do chosantóirí chearta an duine, in ainneoin an spáis dhúnta rioscúil ina n-oibríonn siad.

14. Déanann an tAontas comhordú dlúth leis na comhpháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta go léir, agus cuireann sí i dtreis an ról lárnach atá ag na Náisiúin Aontaithe san Afganastáin. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht iomlán a thabhairt do Mhisean Cúnaimh na Náisiún Aontaithe san Afganastáin (UNAMA) faoina shainordú cuimsitheach ag a bhfuil gné láidir maidir le cearta an duine, mar a leagtar amach i Rún 2678 (2023) ón gComhairle Slándála, chomh maith le hobair Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le staid chearta an duine san Afganastáin.

15. Is díol sásaimh don Chomhairle láithreacht an Aontais i gCabúl, lena neartaítear seachadadh na cabhrach, lena ndéantar faireachán ar an staid pholaitiúil, slándála, eacnamaíoch agus dhaonnúil, lena n-éascaítear comhordú oibríochtúil agus teagmhálacha le comhpháirtithe cur chun feidhme agus le muintir na hAfganastáine, agus lena gcoinnítear an rannpháirtíocht oibríochtúil is gá leis na húdaráis *de facto*, gan aon dlisteanacht a bhronnadh orthu. Trína láithreacht sa tír, leanfaidh an tAontas de thosaíocht a thabhairt dá thacaíocht dhíreach do mhuintir na hAfganastáine agus dá rannpháirtíocht leo, lena n-áirítear bealach saor agus sábháilte a éascú d'Afganastánaigh a d'fhéadfadh a bheith glactha isteach ag Ballstáit an Aontais.

16. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá obair Thoscaire Speisialta an Aontais don Afganastáin maidir le seasamh an Aontais a chur in iúl in idirphlé a dhéantar, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le comhpháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta, agus le raon leathan geallsealbhóirí, san Afganastáin agus thar lear araon, agus sna teagmhálacha leis na húdaráis *de facto*. Athdhearbhaíonn an tAontas agus na Ballstáit a thábhachtaí atá sé leanúint den idirphlé agus den chomhar leis na comhpháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta uile chun an Afganastáin a chur chun cinn mar thír a bheidh cobhsaí, slán agus rathúil. Is tosaíocht i gcónaí é an t-idirphlé rialta idir an tAontas agus comhpháirtithe na hÁise Láir maidir leis an Afganastáin, mar aon leis an teagmháil le comharsana na hAfganastáine, le tíortha ina bhfuil tromlach Moslamach, le hEagraíocht na Comhdhála Ioslamaí agus le tíortha na Murascaille – i gcomhréir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le comhpháirtíocht straitéiseach leis an Murascaill an 18 Bealtaine 2022. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Aontas na ráitis láidre a d'eisigh an comhphobal idirnáisiúnta, go háirithe Eagraíocht na Comhdhála Ioslamaí, maidir le hoideachas na mban agus na gcailíní.

17. Cuireann an tAontas in iúl gur cúis mhór imní dó láithreacht agus oibríochtaí na ngrúpaí sceimhlitheoireachta san Afganastáin lena n-áirítear Stát Ioslamach-Cúige Khorasan (ISKP) agus Al-Qaida. Cáineann an tAontas na hionsaithe sceimhlitheoireachta leanúnacha atá dírithe ar mhuintir na hAfganastáine, go háirithe ar dhaoine ar de mhionlaigh eitneacha agus reiligiúnacha iad, agus ar an gcomhphobal idirnáisiúnta san Afganastáin, agus ar thíortha comharsanacha. Níor cheart don Afganastáin a bheith á húsáid arís eile mar ionad chun an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach a óstáil, a phleanáil, a thraenáil, a mhaoiniú nó a onnmhairiú chuig tíortha eile nó bagairt nó ionsaí a dhéanamh ar thíortha eile. I ndáil leis an méid sin, meabhraítear don Aontas an t-éileamh aonchiallach go gcuirfeadh an Talaban deireadh le gach nasc díreach agus indíreach leis an sceimhlitheoireacht agus athdhearbhaíonn sé an fhreagracht atá ar an Talaban í a chomhrac. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí Plean Gníomhaíochta Frithsceimhlitheoireachta an Aontais maidir leis an Afganastáin agus Rún 2593 (2021) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme.

18. Tá an tAontas agus na Ballstáit réidh chun tuilleadh feabhais a chur ar an tacaíocht a thugann siad do chomharsana agus do chomhpháirtithe na hAfganastáine ar fud an réigiúin i gcoitinne chun cosc a chur ar éifeachtaí diúltacha iarmharta, lena n-áirítear onnmhairiú na sceimhlitheoireachta, an antoisceachais fhoréignigh agus an radacaithe reiligiúnaigh. Cuirfidh an tAontas feabhas ar chomhairliúcháin rialta frithsceimhlitheoireachta leis na comhpháirtithe lena mbaineann agus le tíortha comharsanachta, agus leas á bhaint aige as fóraim/formáidí déthaobhacha, réigiúnacha nó iltaobhacha, agus leanfaidh sé de thacaíocht a thabhairt chun a n-acmhainneachtaí a threisiú, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, chun an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac.

19. Is cúis imní don Aontas táirgeadh drugaí agus gáinneáil ar dhrugaí agus an méadú tuairiscithe ar shaothrú poipíní óipiam, a bhfuil iarmhairtí tromchúiseacha féideartha sláinte agus slándála acu san Afganastáin, i dtíortha comharsanacha agus i dtíortha idirthurais, agus san Eoraip chomh maith.

20. Ina theannta sin, is cúis imní don Aontas na rioscaí a bhaineann le mionairm, airm éadroma agus armlón a leathadh san Afganastáin agus níos faide i gcéin agus, dá bhrí sin, is díol sásaimh dó go bhfuil sainordú tugtha do Mhisean Cúnaimh na Náisiún Aontaithe san Afganastáin (UNAMA) tacú leis na hiarrachtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta chun an trádáil aindleathach mionarm agus armán éadrom agus carnadh díchobhsaitheach na mionarm agus na n-armán éadrom agus a n-atreorú san Afganastáin agus sa réigiún a chosc agus chun aghaidh a thabhairt orthu, agus molann sé go dtabharfaí tuilleadh tacaíochta do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis sin.

21. Aithníonn an tAontas an baol atá ann go bhféadfadh tuilleadh meatha ar na dálaí daonnúla agus slándála iallach a chur ar níos mó daoine an Afganastáin a fhágáil agus d’fhéadfadh sé go dtiocfadh méadú ar an easáitiú éigeantach as sin agus go mbeadh tionchar diúltach aige ar iarrachtaí i gcoinne gáinneáil ar dhaoine agus chun cosc ar imirce neamhrialta. Ba cheart, trí na líonraí atá ann cheana, leanúint den fhaireachán ar shreabha imirce agus an baol go méadódh an gháinneáil ar dhaoine; ar an smuigleáil imirceach; agus ar an imirce neamhrialta agus ar an ionstraimiú a d’fhéadfadh a dhéanamh ar an imirce sin, lena n-áirítear le haghaidh bagairtí hibrideacha, agus ba cheart na líonraí sin a neartú a thuilleadh. Agus é ag gníomhú trí chur chuige Fhoireann na hEorpa, leanfaidh an tAontas de bheith ag plé le tríú tíortha agus neartóidh sé a thacaíocht dóibh, go háirithe na tíortha comharsanacha agus na tíortha idirthurais, a bhfuil líon mór imirceach agus dídeanaithe ón Afganastáin á n-óstáil acu, chun a gcumas a neartú i ndáil le cosaint, dálaí glactha díniteacha, sábháilte agus slite beatha inbhuanaithe a chur ar fáil do dhídeanaithe agus do phobail óstacha.

22. Tá sé mar thosaíocht ag an Aontas i gcónaí cosaint a thabhairt do chosantóirí chearta an duine agus d'Afganastánaigh eile atá i mbaol. Leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit de chonairí sábháilte a chur ar fáil, ar bhonn deonach, dóibh siúd atá i mbaol, go príomha trí athlonnú agus ligean isteach ar fhoras daonnúil.

23. Iarrann an Chomhairle ar Ardionadaí an Aontais agus ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirfear seasamh an Aontais in iúl do na gníomhaithe uile san Afganastáin, agus dár gcomhpháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta.